Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**8088/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0284(COD)**

**CODEC 844**
**PI 63**
**RECH 205**
**EDUC 189**
**COMPET 302**
**AUDIO 59**
**CULT 64**
**DIGIT 72**
**TELECOM 159**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú cóipchirt agus ceart gaolmhar is infheidhme maidir le cineálacha áirithe tarchuir ar líne de chuid eagraíochtaí craoltóireachta agus maidir le hatarchur clár teilifíse agus raidió agus lena leasaítear Treoir 93/83/CEE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle ar an 14 Meán Fómhair 2016.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 25 Eanáir 2017[2].

[1] 12258/16.
[2] IO C 125, 21.4.2017, lch. 27.

3. Ar an 28 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   – an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 7/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na Slóivéine ag staonadh ón vótáil;

   – a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 7756/19.